C/2025/5000

18.7.2025

Achoimre ar an gCinneadh ón gCoimisiún
an 19 Márta 2025
maidir le cinneadh de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) Uimh. 2022/1925
(Case DMA.100204 – Article 6(7) – Apple iOS and iPadOS – SP - Process)
(tugadh fógra faoi leis an doiciméad c(2025) 3001)
(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

(C/2025/5000)

An 19 Márta 2025, ghlac an Coimisiún cinneadh de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 ([1]). *I gcomhréir le forálacha Airteagal 44 de Rialachán (AE) 2022/1925, foilsíonn an Coimisiún leis seo ainmneacha na bpáirtithe agus príomhábhar an chinnidh, ag féachaint do leas dlisteanach na ngnóthas i leith a rúin ghnó a chosaint.*

1. RÉAMHRÁ

(1) Leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ('an Cinneadh') tugtar na himeachtaí sonraíochta i gcrích de bhun Airteagal 8(2) de Rialachán (AE) 2022/1925 ('An Gníomh um Margaí Digiteacha') a tionscnaíodh an 19 Meán Fómhair 2024. De bhun an Airteagail sin, sonraítear sa Chinneadh bearta nach mór do Apple Inc. (dá ngairtear 'Apple' anseo feasta) a chur chun feidhme i ndáil lena chórais oibriúcháin iOS agus iPadOS chun na hoibleagáidí faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil leis an bpróiseas chun idir-inoibritheacht a iarraidh maidir le gnéithe atá ann cheana, lena n-áirítear a bhfeidhmiúlachtaí, laistigh de na sprioc-amanna a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.

(2) Leis an gCinneadh seo, soiléirítear de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha conas ba cheart oibleagáid — sa chás seo, an oibleagáid idir-inoibritheachta faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha — a chur chun feidhme chun comhlíontacht a áirithiú. Faoin nGníomh um Margaí Digiteacha, is dhá uirlis ar leith atá ar fáil don Choimisiún iad imeachtaí sonraíochta agus imscrúduithe neamhchomhlíontachta, agus tá cuspóirí éagsúla acu. Murab ionann agus cásanna neamhchomhlíontachta, sainítear in imeachtaí sonraíochta an chaoi ar cheart oibleagáidí a chomhlíonadh seachas smachtbhannaí a fhorchur ar sháruithe ar an nGníomh um Margaí Digiteacha. Dá bhrí sin, ní dhéantar measúnú leis an gCinneadh seo ar chomhlíontacht Apple agus ní dhéantar foráil ann maidir le fíneálacha a fhorchur.

(3) Leanann an Cinneadh seo próiseas struchtúrtha 6 mhí, lena n-áirítear plé fairsing le Apple agus comhairliúchán poiblí chun ionchur a bhailiú ó pháirtithe leasmhara ábhartha. Leis an gcinneadh sin, forchuirtear bearta nach mór do Apple a chur chun feidhme faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus éifeachtacht an phróisis chun athbhreithniú a dhéanamh ar iarrataí arna gcur isteach ag forbróirí chun idir-inoibritheacht a fháil le gnéithe iOS agus iPadOS. Leis an dara cinneadh sonraíochta a glacadh i gcomhthreo faoi chás DMA.100203 soiléirítear oibleagáidí Apple faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha maidir le tacar sonrach tábhachtach de ghnéithe iOS le haghaidh gairis fhisiceacha nasctha amhail uaireadóirí cliste, cluasáin agus teilifíseáin.

2. NÓS IMEACHTA

(4) An 5 Meán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún cinneadh lenar ainmníodh Apple mar gheatóir faoin nGníomh um Margaí Digiteacha le haghaidh roinnt dá sheirbhísí, lena n-áirítear a chóras oibriúcháin iOS. An 29 Aibreán 2024, ghlac an Coimisiún cinneadh lena leasaítear an cinneadh ainmniúcháin chun córas oibriúcháin Apple iPadOS a áireamh mar chroísheirbhís ardáin. Mar thoradh air sin, ní mór do Apple na hoibleagáidí a leagtar amach sa Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh. Faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, ní mór do Apple idir-inoibritheacht éifeachtach le gnéithe crua-earraí agus bogearraí, mar aon le rochtain orthu chun críoch na hidir-inoibritheachta, ar crua-earraí agus bogearraí iad a fhaightear rochtain orthu nó a rialaítear trína chóras oibriúcháin iOS agus iPadOS, a sholáthar do thríú páirtithe, agus ní mór do Apple sin a dhéanamh saor in aisce.

(5) An 19 Meán Fómhair 2024, thionscain an Coimisiún imeachtaí de bhun Airteagal 20(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha d'fhonn sonrú a dhéanamh ar na bearta nach mór do Apple a chur i bhfeidhm chun a oibleagáidí idir-inoibritheachta a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil leis an bpróiseas bunaithe ar iarrataí a cuireadh chun feidhme.

([1]) Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2022 maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach agus lena leasaítear Treoracha (AE) 2019/1937 agus (AE) 2020/1828 (An Gníomh um Margaí Digiteacha) (IO L 265, 12.10.2022, lgh. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/1925/oj).

(6) An 18 Nollaig 2024, chuir an Coimisiún a réamhthorthaí in iúl do Apple i gcomhréir le hAirteagail 8(5) agus 34(1) den Ghníomh um Margaí Digiteacha ('Réamhthorthaí'), rud a thug deis do Apple barúil a thabhairt ar na torthaí agus ar na bearta atá beartaithe.

(7) Ag an am céanna, an 18 Nollaig 2024, i gcomhréir le hAirteagal 8(6) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, d'fhoilsigh an Coimisiún achoimre neamhrúnda ar an gcás agus ar na bearta atá beartaithe ag an gCoimisiún chun é a chur ar a gcumas do thríú páirtithe leasmhara barúlacha a thabhairt. Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, fuair an Coimisiún 51 aighneacht ó úsáideoirí gnó, úsáideoirí deiridh agus tríú páirtithe leasmhara eile. Roinneadh gach aighneacht le Apple. Roimh an gcomhairliúchán poiblí, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil le tríú páirtithe freisin trí chruinnithe agus iarrataí ar fhaisnéis.

(8) An 20 Eanáir 2025, thug Apple a fhreagairt ar na Réamhthorthaí tar éis a chearta nós imeachta a fheidhmiú de bhun Airteagail 8(1), 8(2) agus 8(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ón gCoimisiún ([2]).

(9) I gcomhthéacs na n-imeachtaí sin, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil go gníomhach le Apple agus le tríú páirtithe chun éifeachtacht na mbeart a fhorchuirtear i ndáil le próiseas idir-inoibritheachta bunaithe ar iarrataí Apple a áirithiú.

(10) Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar an gcorpas foriomlán fianaise, lena n-áirítear ionchur Apple agus tríú páirtithe, agus an rannpháirtíocht le Apple á cur san áireamh, glacann sé an Cinneadh seo de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(11) I gcomhréir le hAirteagail 17 agus 50(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, chuathas i gcomhairle le Coiste Comhairleach na Margaí Digiteacha agus d'eisigh sé a thuairim dhearfach an 18 Márta 2025.

3. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(12) De bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, féadfaidh an Coimisiún, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin do gheatóir, gníomh cur chun feidhme a eisiúint chun bearta a shonrú ar cheart don gheatóir iad a chur chun feidhme chun oibleagáidí áirithe a chomhlíonadh go héifeachtach.

(13) De bhun Airteagal 8(5) agus 8(6) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, sula nglacfaidh sé gníomh cur chun feidhme den sórt sin, ceanglaítear ar an gCoimisiún a réamhchinntí a chur in iúl don gheatóir laistigh de 3 mhí, agus achoimre neamhrúnda ar an gcás agus ar na bearta a bhfuil sé ag smaoineamh faoi, nó a mheasann sé ba cheart don gheatóir lena mbaineann a dhéanamh, a fhoilsiú. Ba cheart an gníomh cur chun feidhme a ghlacadh laistigh de 6 mhí ó thionscnamh na n-imeachtaí de bhun Airteagal 20 den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(14) De bhun Airteagal 8(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, agus na bearta atá le cur chun feidhme ag an ngeatóir lena mbaineann chun a oibleagáidí a chomhlíonadh go héifeachtach á sonrú aige, áiritheoidh an Coimisiún go mbeidh na bearta éifeachtach maidir le cuspóirí an Rialacháin sin chun na hoibleagáidí ábhartha a bhaint amach agus go mbeidh siad comhréireach in imthosca sonracha an gheatóra agus na seirbhíse ábhartha.

(15) Le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha ceanglaítear ar gheatóirí idir-inoibritheacht agus rochtain éifeachtach a cheadú ar mhaithe le hidir-inoibritheacht leis na gnéithe céanna atá ar fáil nó á n-úsáid ag seirbhísí nó crua-earraí an gheatóra. Tá gach gné arna rialú ag córais oibriúcháin geatóirí, nó arna rochtain trí na córais sin, laistigh de raon feidhme na hoibleagáide idir-inoibritheachta. Féadfaidh geatóirí bearta fíor-riachtanacha comhréireacha a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh idir-inoibritheacht sláine an chórais oibriúcháin, na gcrua-earraí nó na ngnéithe bogearraí a sholáthraíonn an geatóir i mbaol, ar choinníoll go dtugann an geatóir údar cuí leis na bearta comhréireacha sin.

(16) Is oibleagáid é Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a d'fhéadfaí a shonrú a thuilleadh faoi Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/814 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2023 ar socruithe mionsonraithe maidir le himeachtaí áirithe a sheoladh ag an gCoimisiún de bhun Rialachán (AE) 2022/1925 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 102, 17.4.2023, lgh. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/814/oj).

4. **MEASÚNÚ AN CHOIMISIÚIN**

(17) Is é is cuspóir do na himeachtaí seo cúnamh a thabhairt do Apple ina iarrachtaí comhlíontachta faoin nGníomh um Margaí Digiteacha trí mhionsonrú a dhéanamh ar na bearta nach mór do Apple a chur chun feidhme chun comhlíontacht éifeachtach leis an oibleagáid idir-inoibritheachta a bhaint amach, mar a fhorordaítear le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. I ndáil leis sin, tá córas curtha i bhfeidhm ag Apple trína soláthrófaí idir-inoibritheacht leis na gnéithe atá ann cheana dá chórais oibriúcháin iOS agus iPadOS, nach bhfuil aon idir-inoibritheacht ann ina leith go fóill, ach amháin tar éis iarraidh fhoirmiúil chuige sin ó fhorbróir. Is féidir le cur chuige bunaithe ar iarrataí cabhrú leis an ngeatóir a shainaithint cá háit a bhféadfadh sé gurb iad na riachtanais idir-inoibritheachta ó fhorbróirí na riachtanais is práinní, i gcomhthéacs ina bhféadfadh sé a bheith dúshlánach idir-inoibritheacht éifeachtach a áirithiú láithreach leis na gnéithe agus na feidhmiúlachtaí uile atá ann cheana. Mar sin féin, tá teorannú agus deacrachtaí tábhachtacha ag baint le cur chuige den sórt sin atá bunaithe ar iarraidh, nach gceanglaítear le hAirteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, do thríú páirtithe (moilleanna, costais idirbheart, rialú ag an ngeatóir) a d'fhéadfadh an bonn a bhaint d'éifeachtacht Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí prionsabail agus coimircí áirithe a shainiú chun a áirithiú go mbeidh an próiseas iarrata intuartha, trédhearcach, tráthúil agus cothrom agus go mbeidh sé in ann idir-inoibritheacht éifeachtach a sholáthar mar a cheanglaítear faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha.

(18) Mar achoimre, áirítear an méid seo a leanas ar na bearta sonraithe:

(19) Trédhearcacht na ngnéithe iOS agus iPadOS a fhorchoimeádtar do Apple

— Ag an gcéim ina smaoiníonn forbróirí ar iarraidh idir-inoibritheachta a thíolacadh, ba cheart faisnéis shoiléir chruinn a sholáthar dóibh, arna iarraidh sin dóibh, chun leibhéal leordhóthanach tuisceana a bhaint amach ar na gnéithe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir idir-inoibritheachta. Mar fhreagra ar iarratas tagartha ó fhorbróir, ba cheart do Apple tagairt theicniúil a sholáthar lena n-áirítear tuairisc ar ghnéithe (lena n-áirítear a bhfeidhmiúlachtaí) nach gcuireann iOS agus iPadOS ar fáil ach do sheirbhísí agus crua-earraí Apple.

(20) Éifeachtacht agus trédhearcacht an phróisis *vis-à-vis* forbróirí is iarrthóirí

— Le linn an phróisis, tá cumarsáid ghasta dhá threo leis an ngeatóir fíor-riachtanach, agus ba cheart an deis a thabhairt don fhorbróir aiseolas a sholáthar. Chuige sin, ba cheart do Apple tacaíocht a chur ar fáil d'fhorbróirí a bhfuil suim acu i gcúrsaí idir-inoibritheachta. Ba cheart do Apple aiseolas leordhóthanach a sholáthar d'fhorbróirí freisin maidir lena n-iarrataí agus maidir leis an deis aiseolas a sholáthar iad féin trí phointe teagmhála a bhfuil foireann leordhóthanach aige. Ba cheart d'fhorbróirí a bheith in ann aiseolas a sholáthar le linn láimhseáil a n-iarrataí, lena n-áirítear nuair atá an plean forbartha á ullmhú.

(21) Diúltuithe a láimhseáil

— I gcásanna ina ndiúltaítear d'iarrataí idir-inoibritheachta, nó i gcás nach bhfreagródh Apple go hiomlán don iarraidh leis an réiteach idir-inoibritheachta a dhearadh, ba cheart na forbróirí a chur ar an eolas go leordhóthanach faoin réasúnú atá leis an gcinneadh sin. Ba cheart dóibh a bheith in ann freisin, i gcásanna ábhartha, athbhreithniú a fháil ar an gcinneadh sin trí shásra cothrom neamhchlaonta. Dá bhrí sin, ba cheart do Apple sásra athbhreithnithe inmheánaigh a bhunú chun athbhreithniú a dhéanamh ar cheisteanna de chineál teicniúil a thagann chun cinn. Thairis sin, ba cheart a áireamh i bpróiseas Apple freisin an fhéidearthacht d'fhorbróirí dul ar iontaoibh an chomhréiteora chun díospóidí de chineál teicniúil a réiteach. Chun trédhearcacht a mhéadú *vis-a-vis* an pobal forbróirí níos leithne, ba cheart achoimre neamhrúnda ar thuairim an chomhréiteora a chur ar fáil don phobal.

(22) Idir-inoibritheacht éifeachtach a sheasfaidh an aimsir

— Aon uair a chuirtear réiteach idir-inoibritheachta chun feidhme mar fhreagairt ar iarraidh ó fhorbróir rochtain a fháil ar ghné atá ann cheana agus atá ar fáil do chrua-earraí agus do bhogearraí Apple, ba cheart do Apple a áirithiú go gcuirfear an réiteach sin ar fáil do gach forbróir, gan bheith teoranta do chásanna úsáide sonracha, agus ba cheart an réiteach sin a dhoiciméadú go leormhaith, a chothabháil ar feadh tréimhse réasúnta ama agus a chothú a sheasfaidh an aimsir.

(23) Intuarthacht agus cuntasacht

— Pléann Apple leis na hiarrataí ar idir-inoibritheacht i dtrí chéim éagsúla, agus ba cheart gach céim den phróiseas a bheith faoi réir amlíne shoiléir thrédhearcach. Áirítear ar na bearta sonraithe sprioc-amanna agus treoraíocht do Apple le haghaidh gach céime.

— Thairis sin, tá leibhéal leordhóthanach trédhearcachta maidir leis an bpobal forbróirí níos leithne, nó i gcásanna áirithe *vis-à-vis* an pobal i gcoitinne, tábhachtach chun cuntasacht a chothú. Ba cheart faisnéis a bheith ar fáil ag forbróirí faoi iarrataí forbróirí eile ar idir-inoibritheacht, cé is moite d'fhaisnéis rúnda forbróirí. Thairis sin, ba cheart do Apple príomhtháscairí feidhmíochta a fhoilsiú don phobal níos leithne maidir leis an bpróiseas bunaithe ar iarrataí.

(24) Ina theannta sin, tá an deis ag Apple a iarraidh ar an gCoimisiún na bearta a oiriúnú do chásanna eisceachtúla.

(25) Déanfar athbhreithniú ar na bearta laistigh de dhá bhliain.

(26) Déantar na bearta nithiúla a shonrú a thuilleadh san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.

5. **CONCLÚID**

(27) Sonraítear sa Chinneadh, de bhun Airteagal 8(2) den Ghníomh um Margaí Digiteacha, bearta nach mór do Apple a chur chun feidhme i ndáil lena chórais oibriúcháin iOS agus iPadOS chun na hoibleagáidí faoi Airteagal 6(7) den Ghníomh um Margaí Digiteacha a chomhlíonadh go héifeachtach i ndáil leis an bpróiseas chun idir-inoibritheacht a iarraidh maidir le gnéithe agus feidhmiúlachtaí atá ann cheana laistigh de na sprioc-amanna a shonraítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh.